**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2183(DEC)**

25.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an ochtú, an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2022
(2023/2183(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antoni Comín i Oliveres

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire go mbaineann cur chun feidhme Cistí Eorpacha Forbraíochta (CEFanna) le tíortha a bhfuil tionchair ghéaraitheacha an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta, neamhshlándáil an tsoláthair bia, agus atá lagaithe freisin mar thoradh ar phaindéim COVID, cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise san Úcráin, chomh maith le leibhéil fiachais atá ag ardú, géarchéimeanna agus coinbhleachtaí daonnúla, a chruthaíonn neamhionannas agus bochtaineacht atá ag dul i méid; á áitiú, dá bhrí sin, gur cheart do na tionscadail atá fágtha faoi CEFanna díriú ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn; ag athdhearbhú gur dálaí bunúsacha don domhan iad an tslándáil, comhpháirtíochtaí comhthairbheacha, agus comhar idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na SDGanna i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin;

2. ag cur béim ar ról na gcomhpháirtithe cur chun feidhme áitiúla agus an gá lena áirithiú go mbeidh tacaíocht agus fothú acmhainneachta ar fáil dóibh. á thabhairt dá haire, le céimniú amach na dtionscadal CEF, gur cheart fios gnó áitiúil maidir le conas déileáil le cistí an Aontais a choimeád, d'fhonn iad a úsáid le haghaidh tionscadail faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) - cuireann Ionstraim na hEorpa Domhanda i bhfios go láidir gur cheart tionscadail AE a bheith faoi réir meastóireachta, faireacháin agus tuairisciú chun a n-éifeachtacht a chinneadh agus chun tionchair dhiúltacha neamhbheartaithe a sheachaint;

3. á iarraidh go mbeadh comhordú níos láidre ann idir an Coimisiún, SEGS agus á iarraidh ar thoscaireachtaí AE plé agus comhar leis na gníomhaithe ábhartha áitiúla ar an láthair a éascú chun na tionscadail is fearr a chomhlíonann cuspóirí éifeachtachta forbartha a shainaithint;

4. á thabhairt dá haire gur comhpháirtithe maithe iad gníomhaithe áitiúla neamhrialtasacha chun cúnamh AE a sholáthar do dhaoine atá i ngátar, go háirithe i limistéir iargúlta; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh rannpháirtíocht níos láidre AE leis na heagraíochtaí sin dlús a chur le héifeachtúlacht an chomhair um fhorbairt;

5. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh[1] ón gComhairle, trínar leithdháileadh EUR 600 milliún ó thionscadail shaortha faoin 10ú agus faoin 11ú CEF chun críche gníomhaíochtaí a théann i ngleic leis an ngéarchéim slándála bia agus turraing eacnamaíoch i dtíortha ACC a mhaoiniú, tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag spreagadh na mBallstát an cur chuige céanna a leanúint maidir le haon CEF saortha a ath-leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is tábhachtaí sna tíortha ACC; á chur i bhfáth, i bhfianaise dhrochstaid eisceachtúil na slándála bia i dtíortha ACC, go gcaithfear na cistí sin a chomhlánú le bearta iomchuí chun feirmeoirí ar mhionscála a chumhachtú chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chleachtais agrai-éiceolaíocha agus modhanna iascaigh inbhuanaithe toisc go bhfeabhsaíonn siad táirgiúlacht áitiúil, slándáil an tsoláthair bia, agus go gceadaíonn siad biafhlaitheas

[1] Cinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle

pobal áitiúil, rud a fhágann nach mbraitheann siad chomh mór céanna ar na luaineachtaí sa mhargadh domhanda bia agus talmhaíochta; á chur i bhfáth gur féidir le tacaíocht do bhéilí scoile a bheith ina huirlis ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair bia;

6. ag aithint obair an Choimisiúin inar áirithíodh cur chun feidhme ceart cistí CEF, ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt Iniúchóirí gur láimhseáladh cuntais CEF do 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme; á thabhairt dá haire go mbaineann CIE agus an Coimisiún Eorpach (AS INTPA) leas as modheolaíocht éagsúil agus an ráta earráide á mheas acu agus go measann CIE go bhfuil leibhéal earráide 7.1% ag idirbhearta íocaíochta CEF, agus go bhfuil tuairim is leath de mar thoradh ar imréiteach barrachais (i.e. nuair a áirítear an caiteachas nár tabhaíodh sna cuntais); á thabhairt dá haire thairis sin gur tháinig méadú ar an leibhéal earráide sna hidirbhearta, arna mheas ag an gCúirt Iniúchóirí, ó 4.6 % go 7.1 % idir 2021 agus 2022; á chur i bhfios go láidir go léiríonn modheolaíocht an Choimisiúin acmhainneacht cheartaitheach i ndiaidh na rialuithe ex-ante agus ex-post uile a chur chun feidhme;

7. á thabhairt chun suntais go bhfuil dlisteanacht agus éifeachtacht chomhar AE um fhorbairt ag brath ar chur chun feidhme ceart gníomhaíochtaí agus a gcistiú cuí; á iarraidh ar an gCoimisiún rialuithe a fheabhsú tuilleadh chun méid na n-earráidí idirbheartaíochta a laghdú agus na moltaí ón gCúirt Iniúchóirí a chur chun feidhme go hiomlán, go háirithe chun earráidí a bhaineann le himréitigh iomarcacha a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, an t-athbhreithniú fógartha ó AS INTPA ar a straitéis rialaithe agus córais rialaithe inmheánacha de chuid toscaireachtaí an Aontais a neartú.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

The rapporteur declares under his exclusive responsibility that he did not receive input from any entity or person to be mentioned in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 18<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Mercedes Bresso, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Eleni Stavrou, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Riho Terras |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 18 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Eleni Stavrou, Riho Terras |
| Renew | Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud |
| S&D | Mercedes Bresso, Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh